Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

LÁ 4: TÉAMH SUAS 1, 2, 3 + CLUICHE 1 (ARDAIGH AN LIATHRÓID AGUS DÉAN RUATHAR AONAIR ISTEACH SA BHFÁINNE)

Moltaí

B'fhiú Téamh Suas 1 + 2 + 3 a dhéanamh ag tús an cheachta seo. Tabhair an-mholadh dóibh siúd a dhéanann an-iarracht leis an nGaeilge.

An bhfuil feabhas ar úsaid na teanga an tseachtain seo? **Mol an óige agus tiocfaidh sí.**

Is fiú na scileanna atá bainteach le liathróid a phiocadh suas le camán a chleachtadh ar dtús agus an Ghaeilge a úsáid chun an scil a theagasc.

Prionta sa Timpeallacht – na Céimeanna sa scil seo.

An Ceacht	Teanga Riachtanach	Teanga Chomhlántach
Téamh Suas 1 Grúpaí **Téamh Suas 2 Déan Aithris Orm** **Téamh Suas 3 Caith Chugham é**		
Cluiche 1: Ardaigh an Liathróid agus Déan Ruathar Aonair isteach sa bhfáinne **Fearas don chluiche:** 5/6 camán, 5/6 cón, 5/6 fáinne, 5/6 liathróid bheag, clogad ar gach páiste Camán + liathróid ag gach páiste chun na scileanna a chleachtadh **Scileanna:** taisteal le liathróid ar chamán & conas an liathróid a phiocadh suas le camán / greim cheart ar	*Bígí ag éisteacht agus ag féachaint orm.* **Sábhailteacht m.sh.** *An bhfuil na bróga reatha dúnta?* *An bhfuil na hiallacha dúnta?* *An bhfuil clogad ar gach duine?* *Bígí cúramach. Bígí deas lena chéile.* *Croith lámha leis an gcamán – Dia duit!* *Féach – mar seo.*	*Is mise an ceannaire.* *Tá mise sa dara háit / sa tríú háit / sa cheathrú háit / ag an deireadh.* *Tá mise romhat / i do dhiaidh.* *Cad atá le déanamh againn?* *Pioc suas an liathróid.* *Déan é a rolladh.* *Brostaigh ort. Brostaigh, a _____.*

CDU CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT AONAD FORBARTHA CURACLAIM MARY IMMACULATE COLLEGE

an gcamán Is fiú 10 nóiméad a chaitheamh ar an dá scil seo sula dtosaíonn an cluiche. An múinteoir nó páiste ag déanamh múnlóireachta agus na páistí ag cleachtadh. Freastal ar éagsúlacht chumais: *Rogha A – is féidir leat an liathróid a phiocadh suas le do lámh nó* *Rogha B - tá ort an liathróid a rolladh leis an gcamán.* Lig do phaistí cabhrú lena chéile. (treoracha as Gaeilge) *Croith lámha leis an gcamán. Anois taispeáin dom d'ordóg. Cas an camán agus cuir d'ordóg ar an mbarr. Anois cuir do lámh eile ar an gcamán freisin, ordóg ar bharr, pioc suas an liathróid agus cuir ar do chamán í nó déan an liathróid a rolladh agus pioc suas í. Tosaigh ag siúl. Coimeád súil amhain ar an liathróid. Bí cúramach - ná lig don liathróid titim. Má thiteann sé/sí pioc suas arís é/í.* **Eagrú**	*Cas an camán. Cuir d'ordóg ar bharr. Cuir do lamh eile ar an gcamán. Cuir d'ordóg ar a bharr freisin. Déan an sliotar / an liathróid a rolladh anois agus pioc suas é/í.* *Bí ag siúl.* *Coimeád súil amháin ar an liathróid.* *duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear* *Is mise uimhir a 1 / an ceannaire / an captaen.* *Cén uimhir atá agat?* *Cén chaptaen / cheannaire atá again?* *Níl aon chaptaen / cheannaire againn.* *Níl aon chamán / liathróid againn.* *Níl ach ceathrar sa ghrúpa / ar an bhfoireann againn.* *Tá cearnóg againn.* *Líne dhíreach.*	*Coiméad súil ar an liathróid.* *Bí cúramach.* *Tóg go bog é.* *Is / Ní féidir liom an liathróid a phiocadh suas.* *Is / Ní féidir liom an liathróid a rolladh.* *Is / Ní féidir liom an liathróid a choimeád ar an gcamán.* *Is / Ní féidir liom é seo a dhéanamh.* *An féidir leat cabhrú liom, le do thoil?* *Tá ____ ag pleidhcíocht.* *Is mise an chéad duine eile.* *Cé hé an chéad duine eile?* *Tabhair dom an camán.*

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

Beidh cúigear i ngach grúpa. Is tusa uimhir a 1, a 2, a 3, a 4, a 5. Sin cúigear.
Anois beidh gach uimhir a 1 le chéile anseo. Uimhir a 2 …….. Uimhir a 3 ……..
(Roghnaíonn an múinteoir ceannaire / captaen)
X is tusa an ceannaire / captaen sa ghrúpa seo.

Treoracha
Cuireann an múinteoir cón ag bun an halla. Ansin cuireann sí fáinne ag barr an halla. Beidh líne dhíreach idir an cón agus an fainne.



Grúpa A, seo do chón agus seo do fháinne.
Grúpa B, cuirigí cón ag barr an halla agus cuirigí fáinne ag bun an halla.

….. ag bun an halla.
…… ag barr an halla.

Beir greim ar do chamán i gceart.
Pioc suas an camán.

Pioc suas an sliotar.
Cuir an liathróid / an sliotar ar do chamán.
*Ná cuir lámh ar an liathróid **nó** tá cead agat an liathróid a phiocadh suas le do lámh.*

Cuir d'ordóg ar an gcamán.
Ná lig dó titim.

Thit sé. Phioc mé suas é.
Ní féidir liom an liathróid a phiocadh suas le mo chamán. An bhfuil cead agam mo lámh a úsáid?

Tá tú ró-mhall. Brostaigh ort.
Maith thú. Bhí tú go hiontach. Bhí tú an-tapa.
Maith an buachaill / Maith an cailín.

Bhuamar.
Bhíomar sa dara háit.
Bhíomar sa tríú háit.
Chailleamar.
Bhíomar ró-mhall.

An bhfuil cead agam
na cóin a bhailiú?
na camáin a bhailiú?
na liathróidí a bhailiú?

CDU CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT AONAD FORBARTHA CURACLAIM MARY IMMACULATE COLLEGE

Grúpa C, cuirigí cón ag bun an halla agus cuirigí fáinne ag barr an halla. *Grúpa D ……* *Anois, gach grúpa, seasaigí i líne dhíreach leis an bhfoireann ag an gcón agus beidh an captaen ag an tús.* *Anois, lámha suas an duine atá ag an deireadh. Faigh camán amháin agus liathróid bheag amháin dod' fhoireann. Cuir an liathróid ar an urlár in aice le do cheannaire agus tabhair dó/di an camán.* *Táimid chun siúl tríd an cluiche seo ar dtús.* *Uimhir a 1 - an ceannaire – pioc suas an liathróid / sliotar agus cuir ar do chamán é.* *Siúil go dtí an fáinne ach ná lig don liathróid titim. Má thiteann an liathróid tá ort é a phiocadh suas agus é a chur ar ais ar an gcamán. Ansin cuir síos an liathróid agus fág sa bhfáinne í. Rith ar ais go dtí an fhoireann ansin agus tabhair an camán don chéad duine eile.* *Níl cead ag uimhir a 2 tosú go dtí go mbíonn uimhir a*	*Tá / Níl mé go maith ag an gcluiche seo.* *Bíonn an liathróid ag titim an t-am ar fad.*	

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

1 ag an gcón (sa bhaile). Ansin ar aghaidh le huimhir a 2. *Ritheann uimhir a 2 go dtí an fáinne. Bíonn air/uirthi an liathróid a phiocadh suas agus dul ar ais go dtí an chéad duine eile ar an bhfoireann – uimhir a 3, agus an liathróid a fhágáil ar an urlár in aice leo.* *Déanfaidh uimhir a 3 an rud céanna a rinne uimhir a 1 agus srl.* *Nuair a bheidh an tasc seo déanta ag gach duine i d'fhoireann – suígí ar an úrlár.*		
Prionta sa Timpeallacht	**Scil 1: Beidh orm an liathróid a phiocadh suas (le mo chamán). Beidh orm é a rolladh chun é a phiocadh suas leis an gcamán.** **Scil 2: Beidh orm m'ordóg a chur ar an gcamán i gceart..** **Scil 3: Beidh orm taisteal go cúramach.**	**An féidir leat cabhrú liom, le do thoil?** **Bhuamar. Chailleamar.** **Bhíomar ró-mhall.** **Bhíomar sa dara háit, sa tríú háit, sa cheathrú háit, sa chúigiú háit.**

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

Teanga Mholta	*Sár-mhaith. Nár laga Dia thú! Bhí sibh ar fheabhas / thar barr. Rinne tú do dhícheall. Rinne sibh bhur ndícheall. An-fhear. Ard-fhear. An-chailín. Togha fir. Togha cailín. Mo ghraidhin thú! Mo cheol thú! Go n-éirí leat / libh. Cluiche iontach / maith / dian / tapa / lag / mall. COMHGHAIRDEAS. D'imir sibh go maith.* *Tabhair seans eile dó/di. Lig dó/di. Leanaigí oraibh. Lean ar aghaidh. Fan leis.* *Ná bac leis sin anois. Amach leat!*	

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE